Buiséad 2012

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcéad lá den bhuiséad nua a fógraíodh inniu. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Ar chuala tú faoi na ciorruithe sa bhuiséad?
An buiséad maith é, dar leat?
An bhfuil rogha ar bith eile ag an rialtas?

Ceist 2 Anois, gan féachaint ar an mír go fóill, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin éist leis an mír agus féach an raibh an ceart agaibh.

Equality _____

Restructuring _____

The Minister for Public Expenditure _____

Cutbacks _____

The Department of Social Protection _____

The Minister for Finance _____

Tax changes _____

Capital Expenditure Proposals _____

Context _____

Departments _____

Allowance _____

Redundancy _____

Fuel _____

Repayments _____

Agreement _____

Ceist 3 Anois déanaigí iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cad atá suntasach faoi bhuiséad 2012?
2. Cad atá i gceist leis an mbuiséad seo, dar le Brendan Howlin?
3. Cén post atá ag Brendan Howlin?
4. Bainfidh dhá thrian de na ciorruithe le dhá Roinn. Cén dá Roinn atá i gceist?
5. Cé mhéad a shábhálfaidh Joan Burton ina Roinn féin?

Ceist 4 Déan iarracht anois na figiúirí a luaitear thíos a mheaitseáil leis an abairt cheart.

(a)

1.45 billiún euro	Le sábháil sa Roinn Oideachas.
500 milliún euro	Deir Joan Burton go sábhálfar é seo ina Roinn féin.
750 milliún euro	Na ciorruithe ar fad atá le déanamh ar chaiteachas.
400 milliún euro	Le sábháil ar phá sa tSeirbhís Phoiblí.
2.2 billiún euro	Ciorruithe a fógraíodh ar thograí caiteachais chaipitiúil an mhí seo caite.
475 milliún euro	Le sábháil sa Roinn Sláinte.
100 milliúin	Na ciorruithe a fógraíodh.

(b) Cloistear *an Roinn Sláinte*, *an Roinn Coimirce Shóisialaí* agus *an Roinn Oideachais* sa mhír. Déan iarracht anois leagan Gaeilge a chur ar na Ranna Stát thíos:

1. Department of Communications, Energy and Natural Resources

2. Department of Agriculture, Food and the Marine

3. Department of Transport, Tourism and Sport

4. Department of Children and Youth Affairs

5. Department of Environment, Community and Local Government

Ceist 5 Cloistear an saorbhriathar sa sliocht - mar shampla, '*fógraíodh*', '*sábhálfar*'. Déan iarracht na briathra idir lúibíní thíos a athrú:

i. (Las) an teach sin aréir.
ii. (Imir) an cluiche má bhíonn an aimsir go maith.
iii. (Déan) é sin gach lá fadó.
iv. (Ceannaigh) an ticéad anseo aréir.
v. Má (bris) an bord sin anois (maraigh) sibh níos déanaí.
vi. (Oscail) an doras ar a hocht gach oíche.
vii. (Dún) na geataí níos déanaí.
viii. (Faigh) foscadh anseo níos déanaí.
ix. (Glaoigh) ar a dtuismitheoirí má bhíonn na daltaí dána.
x. (Ní cead) costais taistil amach anseo.
xi. (An inis) an scéal sin go minic fadó?

Ceist 6 Déan plé ar an rún seo mar dhíospóireacht ranga: *Ba cheart d'ógánaigh na hÉireann dul ar imirce tar éis dóibh an coláiste a chríochnú.*

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2 Equality: **Cothromaíocht**

Restructuring: **Athchóiriú**

The Minister for Public Expenditure: **An tAire um Chaiteachas Poiblí**

Cutbacks: **Ciorruithe**

The Department of Social Protection: **An Roinn Choimirce Shóisialaí**

The Minister for Finance: **An tAire Airgeadais**

Tax changes: **Athruithe Cánach**

Capital Expenditure Proposals: **Tograí Caiteachais Chaipitiúil**

Context: **Comhthéacs**

Departments: **Ranna**

Allowance: **Liúntas**

Redundancy: **Iomarcaíocht**

Fuel: **Breosla**

Repayments: **Aisíocaíochtaí**

Agreement: **Comhaontú**

Ceist 3

i. Seo é an chéad uair an buiséad a bheith á fhógairt thar dhá lá.
ii. Cothromaíocht, cruthú post[1] agus athchóiriú atá i gceist le buiséad 2012, dar le Howlin.
iii. Is é an tAire Um Chaiteachas Poiblí é.
iv. An dá Roinn atá i gceist ná an Roinn Sláinte agus an Roinn Choimirce Sóisialaí.
v. Deir Joan Burton go sábhálfar 475 milliún euro ina Roinn féin.

[1] Cruthú postanna a deirtear-tá sé sa chaint ach níl sé caighdeánach.

Ceist 4

(a)

1.45 billiún euro	**Na ciorruithe a fógraíodh**
500 milliún euro	**Tá cúig chéad milliún le sábháil sa Roinn Sláinte**
750 milliún euro	**Ciorruithe a fógraíodh ar thograí caiteachais chaipitiúil an mhí seo caite**
400 milliún euro	**le sábháil ar phá sa tSeirbhís Phoiblí**
2.2 billiún euro	**Na ciorruithe ar fad atá le déanamh ar chaiteachas**
475 milliún euro	**Deir Joan Burton go sábhálfar 475 milliún euro ina Roinn féin**
100 milliúin	**Le sábháil sa Roinn Oideachais**

(b)

1. Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
2. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
3. An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
4. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
5. An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

Ceist 5

i. Lasadh an teach sin aréir.
ii. Imreofar an cluiche má bhíonn an aimsir go maith.
iii. Dhéantaí é sin gach lá fadó.
iv. Ceannaíodh an ticéad anseo aréir.
v. Má bhristear an bord sin anois marófar sibh níos déanaí.
vi. Osclaítear an doras ar a hocht gach oíche.
vii. Dúnfar na geataí níos déanaí.
viii. Gheofar foscadh anseo níos déanaí.
ix. Glaofar ar a dtuismitheoirí má bhíonn na daltaí dána.
x. Ní cheadófar costais taistil amach anseo.
xi. An insítí an scéal sin go minic fadó?

Ceist 6 Abair leis na foghlaimeoirí an díospóireacht a phlé má tá am acu.

Éimear Ní Chonaola
Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte ag Nuacht TG4 ar an gcéad lá de bhuiséad 2012. Cothromaíocht, cruthú post[1] agus athchóiriú atá i gceist le buiséad 2012 - b'shin a bhí le rá ag an Aire Um Chaiteachas Poiblí Brendan Howlin sa Dáil inniu agus é ag fógairt ciorruithe de 1.45 billiún euro. Bainfidh dhá thrian de na ciorruithe leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Seo é an chéad uair an buiséad a bheith á fhógairt thar dhá lá agus amárach fógróidh an tAire Airgeadais Michael Noonan athruithe cánach.

Catherine Ní Ghuairim
Agus[2] é ag cur tús lena chuid cainte sa Dáil tráthnóna, léirigh an tAire Brendan Howlin ómós don Iar-Aire Airgeadais Brian Lenihan nach maireann. Fógraíodh 1.45 billiún ciorruithe inniu anuas ar an 750 milliún euro ciorruithe a fógraíodh ar thograí caiteachais chaipitiúil an mhí seo caite. Sin beagnach 2.2 billiún ciorruithe ar fad atá le déanamh ar chaiteachas.

Le comhthéacs a thabhairt do na ciorruithe, chuir an tAire Howlin béim ar an ardú mór a tháinig ar chaiteachas an Stáit i gcúrsaí sláinte agus coimirce sóisialaí go háirithe. Is leis na Ranna sin a bhainfidh dhá thrian de na ciorruithe. Deir Joan Burton go sábhálfar 475 milliún euro ina Roinn féin agus ina dtiocfaidh athrú ar réimse mór íocaíochtaí, ina measc liúntas leanaí, liúntas breosla, coinníollacha pinsin agus aisíocaíochtaí le comhlachtaí a íocann iomarcaíocht le hiar-fhostaithe.

Tá cúig chéad milliún euro le sábháil sa Roinn Sláinte agus beagnach céad milliún sa Roinn Oideachais. Tá ceithre chéad milliún euro le sábháil ar phá sa tSeirbhís Phoiblí. Dúirt an tAire Howlin freisin go gcaithfeadh toradh a bheith ar chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht TG4

[1] Cruthú *postanna* a deirtear. Tá sé sa chaint ach níl sé caighdeánach.
[2] *Is* a deirtear.